

Cuntas Leithreasa 2016

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar speansais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €26.56 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil stoic

Áirítear le stoic Mhíleata agus Aerchóir míreanna áirithe a ndearnadh athchóiriú orthu. Déantar stoic mhíleata a luacháil ag meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an bpraghas ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an bpraghas ceannaigh is déanaí.

Dímheas

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ag rátaí idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus modh an mhéid chothrom á úsáid.

Sócmhainní caipitil

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní dar luach níos lú ná €1,000.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach mír réadmhaoine díobh seo, níl siad san áireamh i sócmhainní caipitil (Nóta 2.2).

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Áirítear íocaíochtaí i ndáil le forbairt foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta mar chuid de Nóta 2.3 – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chríochnaítear na tionscadail sin, tá aistriú barúlach chuig clár na sócmhainní.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasáíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oireagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaráithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh. Liostaíodh 60 conradh, gach ceann díobh ag baint le híocaíochtaí os cionn €25,000 le luach iomlán €148 milliún i dtuairisceán bliantúil 2016 na Roinne i ndáil le Ciorclán 40/2002. Baineann na conarthaí seo go príomha le caiteachas le soláthróirí dílsithe trealaimh speisialaithe chosanta agus trealaimh a bhaineann le cúrsaí slándála d'Óglaigh na hÉireann. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar faoi chonarthaí den chineál sin de réir fhorálacha Chiorclán 40/2002.

Seirbhísí Comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Mór-rioscaí Airgeadais

Tá córas um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an Roinn chun na rioscaí airgeadais uile a shainaithint. Déantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a chatagóiriú agus a thaifeadadh ar chlár rioscaí na Roinne, chomh maith leis na rialuithe a mhaolaíonn na rioscaí sin.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Maurice Quinn

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2017

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36: Cosaint

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaintdon bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Cosaint. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

Vóta 36: Cosaint Cuntas Leithreasa 2016

		2016		2015
		Suim soláthraithe sa mheastachán €000	Toradh €000	Toradh €000
Caiteachas cláir				
A	Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin			
	<i>Bunaidh</i>	681,770		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		681,771	670,725	670,539
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	681,770		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		681,771	670,725	670,539
<i>Asbhain</i>				
B	Leithreasáí-i-gcabhair	25,155	40,667	44,819
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	656,615		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		656,616	630,058	625,720

Barrachas le géilleadh

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Stáitchiste.

	2016	2015
	€	€
Barrachas le géilleadh	26,557,886	13,684,310

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2016		2015
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,003	17,108	17,236
ii	Taisteal agus cothú	525	609	461
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	250	301	217
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	685	536	609
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	2,642	2,456	2,230
vi	Costais áitreabh oifige	1,125	805	687
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	20	5	14
		23,250	21,820	21,454

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

	2016	2015
	€000	€000
Caiteachas cláir	648,905	649,085
Riarachán – pá	17,108	17,236
Riarachán – neamhphá	4,712	4,218
Ollchaiteachas	670,725	670,539
<i>Asbhain</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	40,667	44,819
Glanchaiteachas	630,058	625,720
Athraithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin (airgead)	(98,656)	
Dímheas	43,251	
Caillteanas ar dhiúscairtí	4,412	
Diúscairtí airgid thirim	18	
	(50,975)	(19,205)
Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt		
Íocaíochtaí airgid	(7,168)	(7,833)
Athraithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhrúithe deiridh	(1,687)	
Laghdú ar stoc	13,234	
	11,547	17,918
Caiteachas díreach	583,462	616,600
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1)	9,032	8,891
Measchíosanna	2,601	1,207
Glanchoistas glan cláir	595,095	626,698

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanshuim chaiteachais na seirbhísí comhghaolmhara déanta as na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 36 iompartha in áiteanna eile, agus as suimeanna measta iompartha ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

	2016	2015
	€000	€000
Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin	(431)	(408)
Vóta 2 Roinn an Taoisigh	(72)	(72)
Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim	1	1
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	9,643	10,129
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,064	886
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte	88	63
Vóta 35 Arm-Phinsin	(1,386)	(1,850)
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí	125	142
	9,032	8,891

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Sócmhainní Caipitil	2.2	492,931	430,214
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	2,255	5,507
		495,186	435,721
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	1,554	8,320
Stoic	2.5	207,188	220,422
Réamhíocaíochtaí	2.6	65,568	70,530
Ioncam fabhraithe		2,648	6,232
Iarmhéideanna eile dochair	2.7	4,721	825
Iomlán na sócmhainní reatha		281,679	306,329
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		3,011	4,169
Ioncam iarchurtha		28	39
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.8	6,169	7,018
Glandliteanas don Státhchiste	2.9	106	2,127
Iomlán na ndliteanas reatha		9,314	13,353
Glansócmhainní reatha		272,365	292,976
Glansócmhainní		767,551	728,697
Arna léiriú le:			
Cuntas Maoiniú Stáit	2.1	767,551	728,697

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2016 €000	2015 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		728,697	717,757
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Suim soláthraithe sa mheastachán	Cuntas	656,616	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(26,558)	
Vóta glan		630,058	625,720
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1	9,032	8,891
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	2,601	1,207
Aistrithe – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	(10,420)	(2,691)
Athaicmiú sócmhainní	2.2	2,678	4,511
Glanchoistas cláir	1	(595,095)	(626,698)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		767,551	728,697

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh míleata	Trealamh Cosanta Sibhialta	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016	957,720	3,361	43,303	3,649	1,008,033
Athaicmiú ó stoc ^a	7,188	—	—	—	7,188
Breiseanna	102,493	608	4,506	113	107,720
Díúscairtí	(19,756)	(159)	(703)	(887)	(21,505)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016	1,047,645	3,810	47,106	2,875	1,101,436
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016	538,711	1,026	35,489	2,593	577,819
Dímheas ar mhíreanna athaicmithe ^a	4,510	—	—	—	4,510
Dímheas don bhliain	40,572	307	2,137	235	43,251
Dímheas ar dhiúscairtí	(15,464)	(32)	(695)	(884)	(17,075)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2016	568,329	1,301	36,931	1,944	608,505
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016	479,316	2,509	10,175	931	492,931
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015	419,009	2,335	7,814	1,056	430,214

^a Athaicmíodh míreanna áirithe a taifeadadh cheana mar stoc mar shócmhainní caipitil, lena n-áirítear trealamh míleata de luach níos lú ná €1,000.

Riarann an Roinn Cosanta talamh (tuairim is 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag 59 ionad éagsúil, chomh maith le 19 bhfoirgneamh lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna do lucht pósta. Níl talamh agus foirgnimh san áireamh i sócmhainní caipitil.

2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig

	Conarthaí tógála
	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2016	5,507
Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain	7,168
Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní ^a	(10,420)
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail Nollaig 2016	2,255

^a Aistriú barúlach chuig Clár na Sócmhainní.

2.4 Banc agus Airgead Tirim	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
larmhéid an PMG	4,987	7,834
larmhéideanna eile bainc agus airgead thirim	670	486
Lúide orduithe atá gan íoc	(4,103)	—
	<u>1,554</u>	<u>8,320</u>

2.5 Stoic	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Stoic mhíleata		
larmhéid tosaigh an 1 Eanáir	219,354	242,986
Ceannaigh le linn na bliana	32,233	42,617
Eisiúintí le linn na bliana	(36,935)	(39,438)
Nithe díscríofa, stoc críon, srl. ^a	(1,231)	(8,226)
Athaicmiú go sócmhainní seasta ^b	(7,231)	(18,585)
	<u>206,190</u>	<u>219,354</u>
Cosaint Shibhialta	943	1,017
Páipéarachas	21	22
Tomhaltáin TF	34	29
	<u>207,188</u>	<u>220,422</u>

^a Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata mhallghluaisteacha agus as feidhm a aithint agus a bhaint.

^b Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mhíleata mar shócmhainní in 2016 (féach nóta 2.2).

2.6 Réamhíocaíochtaí	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Tógáil áirtheáil cabhlaigh (Nóta 2.10 (c))	37,332	58,425
Clár cothabhála agus uasghrádaithe chabhlach Iompróir Armúrtha Pearsanra	15,000	—
Eile	13,236	12,105
	<u>65,568</u>	<u>70,530</u>

Is ionann €37 milliún agus réamhíocaíochtaí don cheathrú hárthach cabhlaigh, mar chuid de Chlár Athsholáthair na nÁirtheáil Cabhlaigh.

2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Fionraí	4,721	825
	<u>4,721</u>	<u>825</u>

2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000

Méideanna dlite don Stát

Cáin Bhreisluacha	5,647	6,802
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	108	87
Cáin ioncaim	2	59
Ranníocaíochtaí pinsin	37	27
Cáin Chonarthaí Iomchuí	67	15
Muirear Sóisialta Uilíoch	(12)	(13)
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	(8)	(8)
	5,841	6,969
Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí	149	19
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí	179	30
	6,169	7,018

2.9 Glandliteanas don Státchiste	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000

Barrachas leithreasaí le géilleadh	26,558	13,684
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(26,452)	(11,557)
Glandliteanas don Státchiste	106	2,127

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	1,554	8,320
Iarmhéideanna dochair: fionraí	4,721	825
	6,275	9,145

Creidiúnaithe

Dlíte don Stát	(5,841)	(6,969)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(328)	(49)
	(6,169)	(7,018)
	106	2,127

2.10 Ceangaltais	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000

Soláthar earraí agus seirbhísí	4,368	3,063
Tionscadail chaipitil	115,000	30,000
	119,368	33,063

Nóta:**(a) Ceangaltais dhomhanda**

Cuimsíonn €119 milliún €71 mhilliún do cheannach trealaimh chosantaigh, €31 milliún do Chlár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh, €9 milliún d'uasghráduithe IT agus €4 mhilliún do cheannach aerárthaigh.

(b) Tiomantais Mhóra Chaipitil

Caiteachas in 2016 agus ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhua tionscadal, a bheidh maoinithe ó fhotheidil ina bhfuil forálacha caipitil vótáilte, mar a bhí conarthaí infheidhmithe de réir an dlí i bhfeidhm:

	2016 €000	2015 €000
Caiteachas	100,746	89,418
Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin	113,670	28,901

Baineann an t-ardú i mórtiomantais chaipitil chuig €114 milliún go príomha le conradh chun an ceathrú hárthach a cheannach faoin gClár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh, an clár cothabhála agus uasghrádaithe chabhlach lompróirí Armúrtha Pearsanra, uasghráduithe TF agus ceannach aerárthaigh.

(c) Mórtionscadail

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35 milliún.

	Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2015 €000	Caiteachas in 2016 €000	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000	Caiteachas iomlán tuartha i saolré thionscadal 2016 €000	Caiteachas iomlán tuartha i saolré thionscadal 2015 €000
Tionscadal	€000	€000	€000	€000	€000
Tionscadal athsholáthair na n-árthaí cabhlaigh agus tionscadal armála	202,093	47,706	33,772	283,571	212,458
Clár Cothabhála agus Uasghrádaithe lompróirí Armúrtha Pearsanra	—	15,000	53,000	68,000	—
Tionscadal um thiontú iompróir armúrtha pearsanra	8,269	73	—	8,342	8,337
Bonneagar IT Tionscadal VDA	—	3,304	9,496	12,800	—

I 2016, seachadadh an tríú hárthach i dTionscadal Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh. Tá an ceathrú hárthach le seachadadh in 2018. I 2016 shocraigh an Roinn an ceathrú soitheach a cheannach ar téarmaí fabhracha (atá le seachadadh i 2018). Chuaigh sin i bhfeidhm freisin ar na ceangaltais do thionscadal armála na seirbhíse Cabhlaigh. I 2016 chomh maith, síníodh conarthaí i gcomhair cothabháil agus uasghrádú an chabhlaigh lompróirí Armúrtha Pearsanra agus d'uasghrádú Bhonneagar TF Óglaigh a hÉireann (Tionscadal VDA).

2.11 Dliteanais Aibithe amhail an 31 Nollaig	2016 €000	2015 €000
Meastachán de dhliteanais aibithe nach bhfuil urscaoilte ag deireadh na bliana	605	637

3 Caiteachas Cláir de réir Fothaidil

		2016		2015
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A	Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin			
A.1	Riarachán – pá	18,003	17,108	17,236
A.2	Riarachán – neamhphá	5,247	4,712	4,218
A.3	Na Buan-Óglaigh: pá			
	<i>Bunaidh</i>	416,060		
	<i>Forlíontach</i>	(23,000)		
		393,060	385,504	389,935
A.4	Na Buan-Óglaigh: liúntais	35,680	35,389	34,286
A.5	Na hÓglaigh Cúltaca: pá, srl.	2,150	1,567	1,736
A.6	Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais	1,225	990	1,048
A.7	Tacaíocht sibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.			
	<i>Bunaidh</i>	30,940		
	<i>Forlíontach</i>	(5,000)		
		25,940	24,327	24,913
A.8	Trealamh cosanta	28,000	31,491	23,786
A.9	An tAerchór: aerárthaigh, trealamh agus tacaíocht	18,810	18,627	17,080
A.10	Iompar míleata	10,390	8,925	9,473
A.11	An tSeirbhís Chabhlaigh: árthaigh, trealamh agus tacaíocht			
	<i>Bunaidh</i>	33,050		
	<i>Forlíontach</i>	28,001		
		61,051	63,903	64,733
A.12	Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta	14,180	12,658	13,763
A.13	Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	19,100	15,839	15,191
A.14	Éide, éadach, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	13,180	15,044	12,873
A.15	Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	10,130	11,097	10,810
A.16	Oideachas agus oiliúint mhíleata	2,150	1,983	2,225
A.17	Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	3,360	3,184	2,796
A.18	Tacaíocht leighis agus chúram sláinte Óglaigh na hÉireann	3,000	2,978	3,625
A.19	Tailte	1,000	830	1,221
A.20	Eachaíocht	900	1,020	908
A.21	Costais dlíthíochta agus chúitimh	5,000	3,900	3,730
A.22	Caiteachas ilghnéitheach	2,806	2,799	2,621
A.23	Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh	1,300	844	1,202
A.24	Cosaint Shibhialta	5,240	5,137	5,261
A.25	Cumann Croise Deirge na hÉireann	869	869	5,869
	Iomlán	681,771	670,725	670,539

Athraithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €11.05 milliún níos lú ná mar a foráladh. Ba iad na hathraithe seo a leanas ag leibhéal fotheidil ba chúis leis sin, den chuid is mó:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000	Míniú
Na Buan-Óglaigh: pá	30,556	D'éascair coigilteas ar luach €30.556 milliún mar gheall ar líon daoine a chuaigh ar scor a bhí níos airde ná mar a réamh-mheasadh agus líon earcaithe a bhí níos ísle ná mar a réamh-mheasadh a bhí i mbun seirbhíse in Óglaigh na hÉireann le linn na bliana. Leithdháil meastachán forlíontach teicniúil coigilteas ar luach €23 milliún ón bhfo-cheannteideal seo go fo-cheannteideal A.11 chun íocaíochtaí a éascú don cheathrú soitheach cabhlach faoi Chlár Athsholáthair na Soithí Cabhlaigh.
Na hÓglaigh Cúltaca: pá, srl.	583	Tháinig an choigilt as rannpháirtíocht cúltacairí in oiliúint íochta a bheith ní b'íse ná mar a bhíodhas ag súil léi.
Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais	235	D'éascair na coigiltis in 2016 go príomha as scor sa tSeirbhís Séiplíneachta agus moill i gceapacháin ionadaíochta.
Tacaíocht sibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.	6,613	D'éascair coigilteas ar luach €6.613 milliún ós rud é go raibh líon na bhFostaithe Sibhialtach níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall ar leibhéal earcaíochta a bhí níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Leithdháil meastachán forlíontach teicniúil coigilteas ar luach €5 mhilliún ón bhfo-cheannteideal seo go fo-cheannteideal A.11 chun íocaíochtaí a éascú don cheathrú soitheach cabhlaigh faoi Chlár Athsholáthair na Soithí Cabhlaigh.
Trealamh cosanta	(3,491)	Baineann an barrachas seo go príomha le tiomantais faoin gclár cothabhála agus uasghrádaithe chabhlach Iompróir Armúrtha Pearsanra. Seach-chuireadh cuid den bharrachas seo mar gheall ar choigiltis i gcláir chaiteachais eile a d'éascair as moill sa phróiseas soláthair.
Iompar míleata	1,465	D'éascair na coigiltis go príomha mar gheall ar sholáthar laghdaithe páirteanna spártha mar gheall ar fhorfheidhmiú an chlár cothabhála agus uasghrádaithe chabhlach Iompróirí Armúrtha Pearsanra agus costais breosla níos ísle. Seach-chuireadh cuid de na coigiltis mar gheall ar an riachtanas chun feithiclí breise a fháil.
An tSeirbhís Chabhlaigh: árthaigh, trealamh agus tacaíocht	(30,853)	Tharla an barrachas go príomha mar gheall ar chothabháil bhreise loingis agus mar gheall ar an socrú an ceathrú soitheach a fháil faoi Chlár Athsholáthair na Soithí Cabhlaigh. Méadaigh meastachán forlíontach teicniúil an fo-cheannteideal seo faoi €28 milliún chun na híocaíochtaí a éascú.
Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta	1,522	Baineann an coigilteas go príomha le costais níos ísle, lena n-áirítear costais bhreosla, agus forfheidhmiú beartas tíosach ar fhuinneamh agus seach-chuireadh cuid de mar gheall ar chostais innealtóireachta agus beairice mhéadaithe.
Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	3,261	Tháinig an choigilt go príomha as dul chun cinn i roinnt tionscadail lárnacha a thabhairt chuig céim na tógála a bheith níos moille na mar a bhíodhas ag súil leis. Seach-chuireadh cuid den choigilteas mar gheall ar chostais a iompraíodh agus tionscadal na Cartlainne Míleata á chur siar ó 2015.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000	Míniú
Éide, éadach, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	(1,864)	Tá an farasbarr ann go príomha de bharr an riachtanais i dtaca le caiteachas breise a bhain le gníomhaíochtaí searmanais Chomóradh 1916.
Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	(967)	Tá farasbarr ann go príomha de bharr forfheidhmiú uasghráduithe ailtireacht bainistíochta faisnéise agus trealamh cumarsáide.
Oideachas agus oiliúint mhíleata	167	Tháinig an choigilt go príomha as costais oideachais ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leo agus cealú roinnt cúrsaí. Seach-chuireadh cuid den coigilteas mar gheall ar chostais oiliúna agus trealamh breise.
Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	176	Eascraíonn an choigilt toisc nár iompraíodh costais taistil ar ghníomh AE a bhí pleanáilte.
Tailte	170	Baineann an choigilt seo le costais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil i mbainistiú suiteálacha míleata neamhshealbhaíthe, mar gheall ar dhúnadh díolacháin in 2016.
Eachaíocht	(120)	Eascraíonn an barrachas ó chostais bhreise maidir le ceannach capall agus freastal ar imeachtaí thar lear.
Costais dlíthíochta agus chúitimh	1,100	Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir roinnt athróg nach bhféadfaí a thuair, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí.
Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh	456	Baineann an coigilteas seo le héileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil ar chostais choitianta a bhaineann le misin AE in 2016.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí i gcabhair		2016		2015
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1.	Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.	4,300	12,940	10,642
2.	Fáltais ón Aontas Eorpach maidir le costais chosanta iascaigh	—	—	—
3.	Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile	1,300	1,394	5,508
4.	Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla	200	175	206
5.	Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc	920	888	804
6.	Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc	40	32	35
7.	Fáltais ar bhreosla eitlíochta	50	40	38
8.	Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach	50	94	134
9.	Tailte agus áitribh			
	(a) cíosanna srl.	450	461	512
	(b) díolacháin	2,500	8,416	1,848
10.	Díol stóras iomarcach	100	100	739
11.	Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	30	140	103
12.	Nithe ilghnéitheacha	2,700	1,205	2,805
13.	Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí	12,515	14,782	21,445
Iomlán		25,155	40,667	44,819

Míniú ar na mórathraithe

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a tuaradh.

Cur síos	Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.	(8,640)	Tháinig an barrachas as fáltais ó na Náisiúin Aontaithe a bheith ní b'airde ná mar a bhíodhas ag súil leo i ndáil le pá agus costais trealaimh. Anuas air sin, socraíodh agus aisíocadh éileamh maidir le misean MINURCAT (Sead) in 2010.
Tailte agus áitribh (b) díolacháin	(5,916)	Tharla an farasbarr ós rud é gur réadaigh fáltais ó dhíolacháin réadmhaoine i 2016 níos mó airgid ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar ardú na bpraghsanna sa mhargadh réadmhaoine.
Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	(110)	Tharla an barrachas seo mar gheall ar aisíocaíochtaí do 2014 agus 2015 a fuarthas in 2016.
Nithe ilghnéitheacha	1,495	Cuireadh deireadh leis an socrú aisíoca don tseirbhís Tacaíochta Aerleighis Éigeandála.
Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí	(2,267)	Bhí fáltais níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leo mar go mbíonn sé deacair asbhaintí a bhaineann le pinsean a mheas go beacht, go háirithe in Óglaigh na hÉireann mar gheall ar an réimse saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ríomh, lena n-áirítear liostálacha, scor, raon liúntas, srl.

4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste	2016	2015
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Aisíoc ó Chros Dhearg na hÉireann i ndáil le deontas nár caitheadh	1,894	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(1,894)	—
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	9,947	9,982
	2016	2015
	€000	€000
Pá	385,969	391,435
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	233	260
Ragobair	467	434
Liúntas uainoibre agus uainchláir	202	188
Liúntais mhíleata agus liúntais eile	29,304	28,160
ÁSPC fostóra	36,480	36,127
Pá iomlán	452,655	456,604

Ní áirítear leis na figiúirí iomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann lena mbaineann triúr pearsanra agus €201,295 d'íocaíochtaí iomlána. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamhphá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

5.1 Státseirbhísigh

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	336	329
	2016	2015
	€000	€000
Pá	16,135	16,358
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	87	100
Ragobair	137	110
Liúntais eile	29	11
ÁSPC fostóra	720	657
Pá iomlán	17,108	17,236

Liúntais agus íocaíochtaí Ragoibre	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2016	2015
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	27	1	12,268	16,173
Ragobair	85	—	9,776	8,643
Liúntais eile	17	1	10,271	3,119
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	14	1	13,275	9,787

5.2 Fostaithe Sibhialtacha

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	479	489
	2016	2015
	€000	€000
Pá	17,243	17,677
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	146	160
Ragobair	330	324
Liúntas uainoibre agus uainchláir	202	188
Liúntas am taistil	502	535
Liúntas uirlisí agus liúntais eile	245	268
ÁSPC fostóra	1,876	1,909
Pá iomlán	20,544	21,061

Liúntais agus íocaíochtaí Ragoibre	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2016	2015
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	74	—	8,839	8,657
Ragobair	147	—	8,893	10,922
Liúntas uainoibre agus uainchláir	35	4	13,963	13,047
Liúntas am taistil	78	10	12,030	12,261
Liúntas uirlisí agus liúntais eile	296	—	3,235	3,298
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	199	40	24,414	25,073

5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	9,132	9,164
	2016	2015
	€000	€000
Pá agus liúntas na seirbhíse míleata	352,591	357,400
Liúntais thar lear	13,906	13,113
Liúntais dualgais slándála	8,247	7,745
Liúntais dualgais teorann	2,574	2,841
Liúntais dualgais patróil	2,222	2,171
Liúntais ilghnéitheacha	1,579	1,476
ÁSPC fostóra	33,884	33,561
Pá iomlán	415,003	418,307

Liúntais	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2016 €	Uasíocaíocht aonair 2015 €
Liúntais thar lear	1,629	579	37,241	37,139
Liúntais dualgais slándála	7,543	16	17,998	18,022
Liúntas dualgais teorann	656	1	18,529 ^a	5,416
Liúntais dualgais patróil	756	—	9,700	9,599
Liúntais ilghnéitheacha	890	—	8,561	7,168
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2,719	635	35,103	32,964

^a Tá riaráistí idir 2012 agus 2015 san áireamh.

5.4 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Níor íocadh aon liúntais CIO/sinsearachta i réimse na Cosanta.

5.5 Socruithe eile Luach Saothair

San iomlán íocadh €160,895 d'ochtair ball de phearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar scor agus ag fáil pinsean de chuid Óglaigh na hÉireann, pinsin a chuimsíonn raon idir €9,356 agus €38,143, a athfhostaíodh ar dualgais éagsúla le linn 2016. Ina theannta sin, íocadh san iomlán €29,739 do sheisear státseirbhíseach déag ar scor agus iad ag fáil pinsean de chuid na státseirbhíse, pinsin a chuimsíonn raon idir €130 agus €7,880, a athfhostaíodh ar dualgais éagsúla le linn 2016. Tá gnáthaimh chuí á gcur i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill phearsanra de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.6 Foireann ar Iasacht

Áirítear sa Chuntas seo €268,703 i leith luach saothair an phearsanra (mhíleata agus shibhialta) ar iasacht.

5.7 Socraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim

Íocadh €419,304 leis na Coimisinéirí Ioncaim mar nochtadh deonach gan spreagadh i ndáil le soláthar cóiríochta do phearsanra Óglaigh na hÉireann i mbeairicí míleata.

Íocadh €46,441 leis na Coimisinéirí Ioncaim mar nochtadh deonach gan spreagadh i ndáil le ÍMAT, ÁSPC agus MSU i ndáil le seirbhísí leighis áirithe a sholáthar do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann.

5.8 Ró-íocaíochtaí Párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €51,117 (44 cás) agus pleananna aisghabhála i bhfeidhm do €33,806 (24 cás). I 2015, b'ionann ró-íocaíochtaí agus €39,047 (39 Cás).

6 Nithe Ilghnéitheacha

6.1 Misin Thar Lear

Áirítear sa Chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair an phearsanra mhíleata atá ag seirbheáil le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe agus iompair:

	2016 €000	2015 €000
Misin na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh:		
UNIFIL (an Liobáin)	17,839	15,958
UNDOF (Arda Golan)	10,545	11,295
KFOR (an Chosaiv)	1,186	1,353
EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	785	798
Misin eile na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh	3,792	3,851
	34,147	33,255
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	1,683	1,635
Cathghrúpaí (An Ghearmáin agus an RA)	2,170	2,179
An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip	227	254
Oibríocht Pontus (Cuardach agus Tarrtháil sa Mheánmhuir)	2,609	2,549
Iomlán	40,836	39,872

Maidir leis an €34 milliún le haghaidh misin na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh, baineann €5.7 mhilliún le misin a n-íocann an Stát as a gcuid costas uile. Baineann an €28.3 milliún eile le UNIFIL agus UNDOF; comhaontaíodh socruithe um aisiocaíocht costas áirithe leis na Náisiún Aontaithe ina dtaobh. Braitheann tráth na n-aisiocaíochtaí ó na Náisiún Aontaithe ar thosca éagsúla lena n-áirítear an maoiniú atá ar fáil don eagraíocht sin. Ba é €12.9 milliún an tsuim a fuarthas ó na Náisiún Aontaithe mar leithreasáí i gcabhair in 2016, ar bhain €4.4 milliún de le costais phearsanra, €4.9 milliún le costais trealaimh agus íocaíocht €3.6 milliún mar shocraíocht ar éileamh maidir le costais a bhain le haistarraingt ó MINURCAT (Sead).

Ba é €2.2 milliún an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana (€1 milliún de chostais phearsanra agus €1.2 milliún de chostais trealaimh).

6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa Chuntas seo €482,184 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíochta agus costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

6.3 Feithiclí díscríofa

	2016 €000	2015 €000
Cailliúint nó damáiste do stórais, do threalamh nó do réadmhaoin	—	4,114
Damáiste d'fheithiclí míleata	52	62
Drochfhiacha	38	15

6.4 Éilimh maidir le Díobháil Phearsanta agus Cás Fostaíochta

amhail an 31 Nollaig	2016	2015
Líon na n-éileamh réitithe:		
An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	107	97
Eile	26	20
Líon na n-éileamh ar láimh:	376	379
Líon díobh a bhain leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	325	316

6.5 Costais Dlí

				2016	2015
	Líon na gcásanna	Costais dlí arna íoc ag an Roinn	Costais dlí a bronnadh	Cúiteamh a bronnadh	
		€000	€000	€000	lomlán
					lomlán
Cásanna um ghortú pearsanta i ndáil le fostaithe an Vóta	186	403	669	1,627	2,775
Cásanna a bhaineann le riarachán/fostaíocht i ndáil le fostaithe an vóta	57	246	299	149	483
Cásanna um ghortú pearsanta i ndáil le baill an phobail	41	98	16	528	606
		747	984	2,304	3,864

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlí agus cúiteamh le cásanna ina ndearnadh íocaíocht in 2016. Áirítear cásanna anseo a socraíodh sna blianta roimhe seo, iad siúd a socraíodh in 2016 agus iad siúd atá fós oscailte.

6.6 Eadráin agus Comhréiteach

Níorbh ann d'aon chásanna eadrána ná idir-réitigh ná caiteachas i 2016. I 2015, bhí dhá chás ina raibh caiteachas €129,000.

6.7 Cóir Leighis

Tugadh seirbhísí institiúide agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéal shibhialtacha gan gearradh an mhuirir reachtúil agus in ospidéal mhíleata gan muirear a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

6.8 Calaois agus Calaois Amhrasta

Aithníodh calaois amhrasta le linn iniúchta inmheánaigh ar chaiteachas trealaimh lompair Óglaigh na hÉireann. Aithníodh ábhar cailíteanais threalaimh ar luach measta €33,000. Atreoraíodh an cheist ag an Roinn don Gharda Síochána chun imscrúdú a dhéanamh.

Sceideal na Talún agus Foirgneamh**1. Dílsithe san Aire Cosanta**

Réadmhaoin	Achar (Heicteáir)¹
An Clár	
Campa Chnoc an Lisín	53.17
Corcaigh	
Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh	0.89
Dún Uí Choileáin, Corcaigh	24.20
Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin	—
Seanbheairic agus Reilig, Mainistir Fhear Maí	4.45
Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí	0.401
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Chrócháin	0.405
Ceapach Chuimhneacháin Mhíchíl Uí Choileáin, Béal na Bláth	0.004
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Sciobairín	0.20
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Mala	0.028
Baile Átha Cliath	
Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear gléasra camrais ar thalamh cóngarach	277.21
Asplanád, Dún Uí Choileáin	0.20
Láithreán ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	0.405
Gaillimh	
Raon Raidhfilí Órán Mór	216.10
Soláthar Uisce Bhun na dTobar go Raon Órán Mór	—
Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh	29.95
Ciarraí	
Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí	6.07
Dún na Sionainne, Tairbeart	0.81
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Orglan	0.10
Cill Dara	
Campa agus Tailte an Churraigh	1,968.35
Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara	—
Uimhreacha 2, 23, 78, 85 agus 96 Páirc an Úlloird, An Currach	0.09
Dún Mhic Aoidh, Cill Dara	1.99
Tailte ag an Ráth Dubh, an Currach	14.37
Cill Chainnigh	
Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh	5.67
Lú	
Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan	5.46

¹ Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoin.

Réadmhaoín	Achar (Heicteáir)¹
An Mhí	
Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin	105.62
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Uaimh	0.20
Uíbh Fhailí	
Seandún Míleata, Biorra	1.98
Ros Comáin	
Raon Raidhfíli, an Charnach	114.53
Tiobraid Árann	
Raon Raidhfíli, Cill Chuaráin	5.46
Port Láirge	
Dún Míleata, Port Láirge	0.28
An Iarmhí	
Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr	9.61
Dún Chostúim, Baile Átha Luain	5.26
Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain	5.97
Cill Mhantáin	
Raon Airtléire Ghleann Ó Máil	2,698.85
Campa agus Tailte Chúil Mhuine	97.53
Tailte agus Teach Charraig Bhré, Bré	1.95
Post an Raonbhardaigh, an Seisceann	0.405

2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

An Clár	
Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Inis	0.10
Corcaigh	
Campa agus Raon Chill Uird	1,377.55
Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair don Údarás um Bóithre Náisiúnta	10.69
An tOileán Mór	91.05
Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach ²	33.99
Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán	29.95
Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne	14.97
An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra	—
An Ché Thuirlingthe, an Cóbh	—
Dún na nGall	
Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin	337.01

¹ Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.

² Aistrithe go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar shuíomh ISPAT.

Baile Átha Cliath

Dún Chathail Brugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	18.62
Uimhr. 17-28 Árasáin Chathail Brugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	0.3
Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7	18.21
64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7	0.02
Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath 7	3.24
An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	—
2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	0.012

Laois

Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Port Laoise	0.03
--	------

Luimneach

Dún an tSáirséalaigh, Luimneach	5.99
---------------------------------	------

An Longfort

Dún Uí Chonghaile, an Longfort	4.35
--------------------------------	------

Lú

Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan	7.28
------------------------------	------

Maigh Eo

Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh	2.43
------------------------------------	------

Ros Comáin

Raon Raidhfíli, Cuisle	56.25
Dún Míleata, Mainistir na Búille	0.20

Tiobraid Árann

Dún Míleata, an tAonach	1.09
Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór	0.16

Loch Garman

Dún Míleata, Loch Garman	0.405
--------------------------	-------

Cill Mhantáin

Campa agus Raon Raidhfíli Chill Bhríde	636.98
--	--------

¹ Is garluach atá i gceist leis an achar heicteár a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil i mbunús na réadmhaoine.